Coimisiún na Meán

# Foirm Iarratais: Conradh Soláthair Lánais Pobail

Dáta foilsithe:
Deireadh
Fómhair 2025

# Clár Ábhar


1. Sonraí an Iarratasóra 3

2. Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas 4

3. An Pobal agus Sochar Sóisialta 9

4. Clársceidealú 12

5. Cóid, Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht 13

6. Oibríochtaí (Soláthar Foirne) 14

7. Plean Airgeadais agus Gnó 16

**AGUISÍN 1 – TEIMPLÉID 21**


Roimh an bhFoirm Iarratais seo a chomhlánú, ba cheart do na hiarratasóirí na *Treoirlínte d'Iarratasóirí: Conradh Soláthair Lánais Phobail* ("Treoirlínte") a léamh, atá foilsithe ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán www.cnam.ie. Leis na Treoirlínte, soláthraítear treoraíocht, agus sonraí, maidir leis na ceanglais don iarratas.

Ní mór do na hiarratasóirí an fhoirm iarratais a chomhlánú go huile agus go hiomlán. Ní mheasfar go bhfuil aighneacht neamhiomlán ina hiarratas bailí.

Ní mór an t-iarratas a chur isteach i bhfoirm leictreonach i bhformáid Word agus is féidir leis a bheith i nGaeilge nó i mBéarla.

Ní mór an fhaisnéis uile a chuirtear isteach mar chuid den iarratas a bheith fíor agus ceart. Ní mór dearbhú ó dhuine údaraithe oiriúnach a bheith san áireamh san iarratas ina sonraítear go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas agus sa doiciméadacht bhreise a ghabhann leis an iarratas fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol don duine sin agus mar a chreideann sé nó sí. I gcás inar ghá d'iarratasóir aon leasuithe a dhéanamh ar an iarratas nó ar na doiciméid a ghabhann leis, ba cheart Coimisiún na Meán a chur ar an eolas faoi sin láithreach. Ní cheadófar aon athruithe ábhartha a dhéanamh ar na tograí san iarratas tar éis aon dáta deiridh a shonraítear.

## 1. Sonraí an Iarratasóra

| **Réamhrá maidir leis an Iarratasóir** | |
|---|---|
| *Sealbhóidh an tIarratasóir an Conradh Soláthair Lánais Pobail le Coimisiún na Meán agus ní mór dó nó di a bheith ina eintiteas nó ina heintiteas dlíthiúil aonair. Ní mór cóip den Deimhniú ar Ionchorprú agus den Mheabhrán agus d'Airteagail Chomhlachais a chur san áireamh leis an iarratas i gcás ina bhfuil an tIarratasóir ina chomhlacht nó ina comhlacht corpraithe.* | |
| **1.1** Trádainm: | |
| **1.2** Ainm Cuideachta Cláraithe (más infheidhme): | |
| **1.3** Uimhir Chláraithe an Iarratasóra (uimhir chláraithe na cuideachta nó a comhionann): | |
| **1.4** Seoladh Oifige Cláraithe an Iarratasóra: | |
| **1.5** An áit ghnó más éagsúil (stiúideo, stáisiún etc.): | |

| **1.6** Príomhshonraí Teagmhála:<br>*Chun críoch poiblí: Ainmnigh duine amháin ar a laghad chun déileáil le haon fhiosruithe preasa nó poiblí.* | |
|---|---|
| Ainm Iomlán an Duine Teagmhála: | |
| Teideal Poist an Duine Teagmhála: | |
| Seoladh Ríomhphoist an Duine Teagmhála: | |
| Uimhir Theileafóin an Duine Teagmhála: | |
| Seoladh Poist an Teagmhálaí: | |

| | |
|---|---|
| **1.7** Ainm Beartaithe na Seirbhíse: | |
| **1.8** Cur síos gonta ar sheirbhís an chláir (déan achoimre in alt gairid amháin ar an gcineál seirbhíse lánais pobail atá beartaithe): | |

## 2. Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas

Chun críocha na roinne seo, tá feidhm ag na léirmhínithe seo a leanas:

**"*Rialú*"** – a bheith sa staid ó thaobh dílsithe, airgeadais nó cearta vótála chun beartas na cuideachta a chinneadh nó a stiúradh, maidir le haschur cláir go háirithe, is é sin, foinsiú, léiriú, soláthar nó seachadadh ar an lucht féachana.

***"Leasanna substaintiúla"*** – neart dílsithe, airgeadais nó vótála leordhóthanach a bheith ann laistigh de chuideachta nó cuideachtaí ábhartha chun bheith in ann tionchar suntasach díreach nó indíreach a imirt ar an treo straitéiseach nó ar an mbeartas (lena n-áireofar beartas eagarthóireachta) na cuideachta (na gcuideachtaí), go háirithe maidir le haschur an chláir, is é sin, foinsiú, léiriú, soláthar nó seachadadh ar an lucht féachana.

**"*Meáin Chumarsáide*"** – soláthar seirbhísí craolacháin, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, seirbhísí ainmnithe ar líne nó foilsiú nuachtán nó tréimhseachán arb éard atá iontu, den chuid is mó, an nuacht agus trácht ar chúrsaí reatha.

| **2.1 An tIarratasóir** | |
|---|---|
| **2.1.1** Déan cur síos ar an gcineál struchtúir chorparáidigh atá bunaithe nó beartaithe don tseirbhís Soláthair Lánais Pobail (e.g., cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, comharchumann nó eagraíocht sheachbhrabúsach eile): | |
| | |
| **2.1.2** Sonraigh an cineál Orgáin Feidhmiúcháin atá beartaithe don Iarratasóir (e.g., Bord Stiúrthóirí nó Coiste Bainistíochta): | |
| | |
| **2.1.3** Soláthair na sonraí seo a leanas i ndáil le comhaltaí/stiúrthóirí an Orgáin Feidhmiúcháin: | |
| • An líon stiúrthóirí atá beartaithe: | |
| • An líon stiúrthóirí a cheapfar i gcáil ionadaíoch agus na daoine ar a bhfuil siad ag déanamh ionadaíochta (e.g. grúpaí pobail, oibrithe deonacha nó catagóirí comhaltais eile). Soláthair sonraí maidir leis na grúpaí nó na heagraíochtaí lena mbaineann, an modh ina bhfuil siad | |

| | |
|---|---|
| ionadaíoch, agus cuntasach, don phobal agus a n-ábharthacht maidir leis an bpobal agus leis an tseirbhís: | |
| • Na nósanna imeachta maidir le hainmniúchán, toghchán agus/nó ceapachán do stiúrthóirí: | |

**2.1.4** Soláthair na sonraí seo a leanas i ndáil le gach stiúrthóir:

- ainm, seoladh[1] agus sonraí teagmhála (ríomhphost gnó);
- post ar an Orgán Feidhmiúcháin (e.g. Cathaoirleach, Cisteoir, Rúnaí, etc. mar is infheidhme);
- cáilíochtaí, scileanna agus taithí ábhartha (lena n-áirítear taithí sna meáin/sa chraoltóireacht, sa phobal, i gcúrsaí bainistíochta agus airgeadais);
- rannpháirtíocht in aon seirbhís craolacháin, lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e., an post/an ról i gceist), agus tréimhse na rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta);
- leas substaintiúil nó leasanna substaintiúla i meáin chumarsáide eile, nó rialú orthu (mar a shainmhínítear sa *Bheartas maidir le Rialú agus Úinéireacht*).

| Ainm, seoladh agus ríomhphost: | Post ar an mbord | Faisnéis eile (b – d thuas) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**2.1.5 Doiciméadacht Éigeantach atá le cur isteach**

- **Deimhniú ar Ionchorprú**
- **An Bunreacht (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais)**
- **Deimhniú Rúnaí**

[1] Ba cheart an méid sin a bheith mar an gcéanna lena bhfuil taifeadta go poiblí (san Oifig um Chlárú Cuideachtaí).

## 2.2 Comhaltas an Iarratasóra

**2.2.1** Sonraigh an líon reatha de chomhaltaí[2] an Iarratasóra agus, más infheidhme, catagóir an chomhaltais lena mbaineann an comhalta:

**2.2.2** Sainaithin agus déan cur síos ar aon chatagóirí sonracha de chomhaltas atá beartaithe agus mínigh conas is amhlaidh leis an
gcomhaltas foriomlán a éascófar ionadaíocht an phobail ar a bhfreastalófar. Tabhair sonraí ar na straitéisí chun comhaltas a fhoinsiú agus a mhéadú i measc trasghearradh leathan den phobal ar feadh théarma an chonartha atá beartaithe:

**2.2.3** Soláthair, i gcás inarb infheidhme, sonraí maidir le táillí comhaltais agus cearta vótála comhaltaí:

**2.2.4** I gcás ina n-áirítear comhlachtaí corparáideacha i gcomhaltas an Iarratasóra, soláthair na sonraí seo a leanas i leith na stiúrthóirí agus na scairshealbhóirí ag a bhfuil leas substaintiúil nó rialaithe sa chomhlacht sin[3]:

a) ainm;

b) saineolas agus taithí ábhartha (lena n-áirítear taithí sna meáin/sa chraoltóireacht, sa phobal agus taithí bhainistíochta, ach gan bheith teoranta dóibh);

c) rannpháirtíocht in aon seirbhís craolacháin eile atá ceadúnaithe faoin Acht Craolacháin 2009 lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e. an post/an ról atá i gceist) tréimhse na rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta);

d) leas substaintiúil nó leasanna substaintiúla i meáin chumarsáide eile, nó rialú orthu (mar a shainmhínítear sa *Bheartas maidir le Rialú agus Úinéireacht*).

| Ainm | Faisnéis eile (b – d thuas) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

**2.2.5** Sonraigh an réasúnaíocht le rannpháirtíocht an chomhlachta chorparáidigh san Iarratasóir, más infheidhme:

---

2 Mar atá taifeadta i gClár na gComhaltaí.

3 Measfar gur comhalta "suntasach" duine más úinéir dlíthiúil nó tairbhiúil scaireanna san iarratasóir é nó í lena mbaineann deich faoin gcéad (10%) nó níos mó de na cearta vótála atá infheidhmithe ag cruinniú ginearálta den iarratasóir.

| 2.2.6 Doiciméadacht Éigeantach atá le cur isteach |
|---|
| • **Cóip de Chlár na gComhaltaí:** Amhail de réir 2.2.3 thuas, soláthair cóip ar leith de Chlár na gComhaltaí. **Nóta:** ba cheart seoltaí baile agus faisnéis phearsanta eile a fholú. |

| 2.3 Struchtúr Bainistíochta |
|---|
| **2.3.1** Déan cur síos, i bhfoirm cairte/léaráide agus insinte, ar struchtúr bainistíochta reatha nó beartaithe an Iarratasóra, agus róil agus stádas na foirne bainistíochta atá le ceapadh (lánaimseartha, páirtaimseartha agus/nó oibrithe deonacha) á gcur in iúl go soiléir: |
| |

| |
|---|
| **2.3.2** Má mholann an struchtúr bainistíochta go mbainfí úsáid as fochoistí,[4] sonraigh na téarmaí tagartha atá beartaithe do gach fochoiste, an comhaltas, na nósanna imeachta chun na comhaltaí a ainmniú agus a thoghadh agus an réasúnaíocht lena n-áireamh sa struchtúr bainistíochta: |
| |
| **2.3.3** Tabhair sonraí ar an struchtúr tuairiscithe atá beartaithe idir an fhoireann bainistíochta, lena n-áirítear aon fhochoistí, agus Orgán Feidhmiúcháin an Iarratasóra: |
| |
| **2.3.4** Soláthair i ndáil leis na daoine aonair uile seo a leanas, nó a gcoibhéisí, (a) a n-ainm (b) a sonraí teagmhála agus (c) a sonraí saineolais agus taithí, go háirithe a mhéid a bhaineann sin leis an bpobal agus/nó le craoltóireacht:<br>• An Bainisteoir Stáisiúin; agus<br>• An tOifigeach Comhlíontachta. |
| |

| 2.4 Carachtar an Iarratasóra |
|---|
| Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún a chinntiú go mbeidh conarthaí craolacháin i seilbh daoine ag a bhfuil carachtar oiriúnach agus ag a bhfuil saineolas, taithí agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha. Léirítear an 'Tástáil Carachtair' seo a leanas i bhfoirm 8 gceist nach mór a fhreagairt agus úsáid á baint as "is amhlaidh" nó "ní hamhlaidh", thar ceann gach duine de na stiúrthóirí, na scairshealbhóirí ag a bhfuil leas substaintiúil nó rialaithe, Bhainisteoir an Stáisiúin agus an Oifigigh Comhlíontachta. Ní mór do gach duine an Tástáil a shíniú. |

[4] Mar fhochoistí den Bhord Stiúrthóirí.

| |
|---|
| Tabhair sonraí iomlána más é "is amhlaidh" an freagra ar aon cheann díobh:<br><br>• An amhlaidh a ciontaíodh tú i gcion riamh (seachas 'ciontuithe spíonta') a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:- calaois nó mímhacántacht; comhaltas in eagraíocht choiriúil; éilliú; cionta sceimhlitheoireachta; sciúradh airgid; maoiniú sceimhlitheoireachta; dúshaothrú leanaí; gáinneáil ar dhaoine?<br><br>• An amhlaidh a srianadh nó a dícháilíodh tú riamh mar Stiúrthóir Cuideachta, nó a ciontaíodh tú riamh in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 sa dlínse seo nó faoi reachtaíocht chomhionann in aon dlínse eile?<br><br>• An amhlaidh a breithníodh tú riamh i d'fhéimheach, a tháinig tú chun bheith dócmhainneach riamh, a rinne tú socrú deonach riamh le creidiúnuithe, nó a ceapadh glacadóir riamh ar aon cheann de do chuid sócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?<br><br>• An amhlaidh a bhí tú riamh i do stiúrthóir ar chuideachta ar ar ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, faoi leachtú deonach creidiúnuithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne aon socrú lena creidiúnuithe nó lena haicme chreidiúnuithe?<br><br>• An amhlaidh a ciontaíodh tú riamh i gcion faoi aon reachtaíocht faoina ndéantar Craolachán agus/nó Radaiteileagrafaíocht a rialú sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?<br><br>• An amhlaidh a cuireadh aon cheadúnas nó conradh de do chuid, arna eisiúint ag comhlacht ceadúnúcháin craolacháin nó aon chomhlacht reachtúil eile, ar fionraí riamh nó a cúlghaireadh é sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?<br><br>• An amhlaidh a bhí tú riamh faoi réir aon cheann de na nithe seo a leanas: - torthaí díobhálacha ó údarás cánach; torthaí díobhálacha ó chomhlacht rialála i ndáil le mí-iompar gairmiúil tromchúiseach; torthaí díobhálacha ó údarás iomaíochta i ndáil le hiompar frithiomaíoch?<br><br>• An amhlaidh atá tú ar an eolas faoi aon chúis a fhágfaidh nach duine cuí oiriúnach tú chun go mbronnfar conradh ort? |
| *Má d'fhreagair tú "is amhlaidh" ar aon cheann de na ceisteanna thuas, soláthair cúiseanna le do fhreagra.* |
| **2.4.1 Doiciméadacht Éigeantach** |
| • **Tástáil carachtair chomhlánaithe agus shínithe (le fáil ag Aguisín 1) le haghaidh gach duine ábhartha.** |

***Nóta:*** *Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh má mhainnítear aon cheann de na tástálacha a leagtar amach thuas a ghnóthú a dhéanfar nó nach ndéanfar iarratasóir nó iarraidh ar athrú úinéireachta agus rialaithe a dhícháiliú go huathoibríoch. Tabharfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta aird ar an bhfaisnéis ábhartha uile a sholáthraítear agus ar na soiléirithe a sholáthraítear ina dhiaidh sin, de réir mar a mheastar is gá.*

## 3. An Pobal agus Sochar Sóisialta

| **3.1 An pobal geografach ar a bhfreastalófar** |
|---|
| **3.1.1** Sainaithin agus soláthair próifíl den phobal geografach nó den phobal comhleasa ar a bhfreastalófar: |
| |

| **3.2 Leasanna an Phobail agus Sochar Sóisialta** |
|---|
| **3.2.1** Leag amach conas a dhéanfar an tseirbhís atá beartaithe a chur chun cinn i measc an phobail ar a bhfreastalófar agus conas a éascófar don phobal a bheith rannpháirteach ar gach leibhéal dá hoibriú: |
| |
| **3.2.2** Tabhair breac-chuntas ar an gcur chuige atá beartaithe ag an iarratasóir maidir le meastóireacht an phobail agus an lucht féachana, lena n-áirítear na modheolaíochtaí a mbeifear ag brath orthu agus a mhinice a dhéanfar na meastóireachtaí sin. Cuir in iúl an buiséad atá le leithdháileadh ar an ngníomhaíocht seo sa roinn Airgeadais de d'iarratas: |
| |

**3.2.3** Leag amach conas a leanfaidh an tseirbhís atá beartaithe d'fhorbairt agus feabhas a dhéanamh ar an ról atá aici maidir le sochar sóisialta ar feadh shaolré aon chonartha.

Ba cheart an méid sin a léiriú ó thaobh <u>trí cinn ar a laghad</u> de na sé réimse a shainaithnítear sa Chreat um Shochar Sóisialta le hachair ama agus foinsí fianaise. Leis na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas, ba cheart an tsamhail
S.M.A.R.T a leanúint agus ba cheart iad a bheith infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta ar feadh tréimhse ama shonrach.

Leagtar amach thíos na sé réimse sochair shóisialta.

| **Sochair Shóisialta** | **Táscairí**<br><br>*"Tá Sochar Sóisialta á bhaint amach tríd an méid seo a leanas..."* | **Achar ama:** *An bhfuil an Sochar Sóisialta seo leanúnach nó le baint amach go luath amach anseo nó sa todhchaí fhadtéarmach? (soláthair spriocdháta)* | **Sonraí agus Foinse Fianaise:**<br><br>*Mínigh conas atá sochar sóisialta á léiriú agus déan tagairt do dhoiciméadacht tacaíochta/naisc etc. mar fhianaise ar conas a dhéanfar sin a thomhas faoi théarma an chonartha.* |
|---|---|---|---|
| **Sochar Sóisialta 1**<br><br>Tá daoine aonair, go háirithe mionlaigh agus | 1.1 socrúcháin ó eagraíocht pobail a oibríonn le daoine imeallaithe/faoi mhíbhuntáiste | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| iad sin atá imeallaithe, ag éirí níos muiníní agus níos cruthaithí agus/nó ag treisiú a muintearais, go díreach ó bheith ag plé leis an stáisiún. | 1.2. oibrithe deonacha an stáisiúin a dhéanann cláir agus a oibríonn i gcúrsaí riaracháin agus tacaíochta<br><br>1.3. daoine aonair imeallaithe/ faoi mhíbhuntáiste a chur faoi oiliúint; agus intéirnigh a thabhairt isteach ó eintitis sheachtracha<br><br>1.4. daoine aonair atá iargúlta nó imeallaithe agus cláir lena dtugtar aghaidh ar a leasanna | | |
| **Sochar Sóisialta 2**<br><br>Tá daoine aonair ag cur lena n-ionchais fostaíochta trí scileanna a fhoghlaim agus muinín a chothú, rud a threisíonn féiniúlacht pobail. | 2.1. oiliúint sna meáin lena bhfeabhsaítear ionchais ghairme.<br><br>2.2. deiseanna chun oibriú go deonach lena bhfeabhsaítear ionchais fostaíochta trí fhorbairt phearsanta agus scileanna a fháil<br><br>2.3. taithí agus oiliúint na foirne lena bhfeabhsaítear a n-ionchais ghairme | | |
| **Sochar Sóisialta 3**<br><br>Tá daoine den phobal ar an eolas agus feasach faoina bhfuil ag tarlú timpeall a bpobail | 3.1. feasacháin rialta ina bhfuil faisnéis laethúil cosúil le trácht, teagmhais aimsire etc.<br><br>3.2. feasacháin shóisialta ar leith cosúil le fógraí báis, imeachtaí sóisialta, etc.<br><br>3.3. seirbhísí faisnéise idirbheartaíochta cosúil le Cuardach Poist nó Áit an Mhargaidh a sheachadtar saor in aisce nó ar chostas íseal | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sochar Sóisialta 4**<br><br>Tá daoine den phobal ag freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna – ó shaincheisteanna áitiúla go saincheisteanna domhanda – toisc go bhfuil rochtain acu ar dhearcthaí éagsúla agus ar fhaisnéis bhreise agus níos fearr | 4.1. ábhar agus formáid a léiriú/a chraoladh ina dtugtar aghaidh ar thuairimí áitiúla agus domhanda, agus tuairimí éagsúla á gcur i láthair i bhformáid chothrom stuama, i stiúideo agus lasmuigh de chraolachán<br><br>4.2. saoráidí agus acmhainní a sholáthar d'oibrithe deonacha chun déanamh amhlaidh, agus saincheisteanna a bhfuil spéis ag an bpobal iontu agus a dhéanann tinneas don phobal á gcumhdach<br><br>4.3. tagairt a dhéanamh do ghrúpaí abhcóideachta áitiúla le linn a bheith ag tuairisciú ar mhíreanna nuachta<br><br>4.4. a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phobal trí thionscadail, abhcóideacht agus idirghníomhaíochtaí maidir le saincheisteanna nó saincheisteanna a bhfuil spéis ag an bpobal iontu agus a dhéanann tinneas don phobal | | |
| **Sochar Sóisialta 5**<br><br>Déantar gníomhaithe comhchoiteanna (CBOnna, ENRanna etc.) a éascú agus a threisiú ina gcáil lena spriocanna a bhaint amach | 5.1. am craolta a sholáthar do CBOnna áitiúla chun a gcuid oibre, saincheisteanna agus iarrataí ar an bpobal a phlé agus a chur i láthair<br><br>5.2. CBOnna a éascú chun sliotáin rialta thiomnaithe nó cláir iomlána a léiriú, lena n-áirítear oiliúint agus saoráidí<br><br>5.3. a bheith ag comhoibriú go gníomhach, lasmuigh den chraolachán, le gníomhaithe comhchoiteanna i gcomhair abhcóideachta | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus obair chomhpháirteach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an sochar sóisialta | | |
| **Sochar Sóisialta 6**<br><br>Cuirtear leis an tuiscint ar mhuintearas pobail agus leis an gcomhtháthú. | 6.1. grúpaí pobail éagsúla a thabhairt isteach i gcláir idirghníomhacha chun saincheisteanna áitiúla a phlé, lena n-áirítear chun déileáil le coinbhleachtaí agus teannais<br><br>6.2. cuidiú á thabhairt chun daoine den phobal a spreagadh i ndáil le saincheisteanna a mbíonn imní fúthu go háitiúil, le haghaidh comhghníomhaíochta, abhcóideachta, etc. ar bhealach cuimsitheach | | |

## 4. Clársceidealú

Agus an Roinn seo á comhlánú, ba cheart don Iarratasóir a leagan amach go soiléir conas a dhéanfaidh an tseirbhís an méid seo a leanas:

(a) Freastalóidh sí ar an bpobal agus/nó na pobail laistigh den limistéar saincheadúnais;
(b) Cuirfidh sí rannpháirtíocht ghníomhach an phobail chun cinn ina haschur clársceidealúcháin agus tacóidh sí leis sin;
(c) Cuirfidh sí le héagsúlacht an chlársceidealúcháin atá ar fáil sa limistéar saincheadúnais; agus
(d) Oibreoidh sí i gcomhréir leis an éiteas nó leis an gcóras luachanna atá mar bhonn faoi ghníomhaíocht an phobail.

Le cur chuige an iarratasóra maidir le Clársceidealú ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na táscairí Sochair Shóisialta a leagtar amach sa Chreat um Shochar Sóisialta, agus tagairt a dhéanamh dóibh go díreach i gcás inar féidir.

| |
|---|
| **4.1 Straitéis Chlársceidealúcháin –** Tabhair sonraí maidir leis na straitéisí, na beartais agus na bearta clársceidealúcháin leanúnacha a mbeartaíonn an tIarratasóir iad a chur chun feidhme i ndáil le gach ceann de na ceannteidil thíos: |
| **4.1.1 Ábhar craolta a cheannach agus a dhíol –** Tabhair sonraí maidir leis an mbeartas beartaithe i ndáil le hábhar craolta a cheannach agus a dhíol, ó eagraíochtaí craolacháin agus léiritheoirí neamhspleácha eile araon. |
| |
| **4.1.2 Taighde ar an gclár –** Soláthair sonraí maidir le haon tograí taighde nó tionscnaimh reatha chun a chinntiú go leanfaidh an clársceidealú de bheith ábhartha don sprioclucht féachana. Ba cheart an doiciméadacht taighde ábhartha uile a<br>lua, agus, i gcás inarb ábhartha, an fhoinse, an t-údar/na húdair, an foilsitheoir agus bliain an fhoilsithe á léiriú. |
| |
| **4.1.3 Léiriú an Chláir agus Rialú Cáilíochta –** Tabhair breac-chuntas ar an struchtúr bainistíochta agus ar na cleachtais le haghaidh léiriú an chláir agus rialú cáilíochta. |
| |

| |
|---|
| **4.2 An Ráiteas Beartais Cláir**<br>Leagtar amach sa Ráiteas Beartais Cláir na gealltanais atá an tIarratasóir toilteanach a thabhairt don Choimisiún i leith príomhghnéithe de sheirbhís an chláir. Feidhmeoidh sé mar shlat tomhais ar ina haghaidh a dhéanfar feidhmíocht an Iarratasóra rathúil amach anseo a thomhas agus a mheasúnú agus dá réir sin beidh sé mar chuid, faoi réir tuilleadh caibidlíochta idir an Coimisiún agus an tIarratasóir rathúil, den chonradh idir an Coimisiún agus an tIarratasóir rathúil. Féach teimpléad RBC a áirítear in Aguisín 2.<br><br>Chinn an Coimisiún go n-áireofar le RBC gealltanais maidir le (i) bailiú sonraí i dtaca le cláir ar chúrsaí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe; ar inbhuanaitheacht comhshaoil; ar litearthacht sna meáin; agus ar an nGaeilge agus (ii) gealltanas chun tacú le forbairt na gclár Gaeilge de bhun athbhreithniú reatha an Choimisiúin ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge ar fud na meán uile. |

| 4.3 Sceideal Clár |
|---|
| **4.3.1** Soláthair gnáthsceideal clár seachtainiúil ina leagtar amach na huaireanta craolta atá beartaithe agus sonraí faoi ábhar na gclár, maille le nótaí míniúcháin ar conas is amhlaidh leis na cláir a chomhlíontar na gealltanais éagsúla a leagtar amach sa Ráiteas Beartais Cláir agus go ginearálta, éagsúlacht an chlársceidealúcháin sa limistéar sonraithe: |

| 4.4 Doiciméadacht Éigeantach |
|---|
| • **Ráiteas Beartais Cláir**<br>• **Sceideal Clár Táscach** |

## 5. Cóid, Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht

| 5.1 Cóid, Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht |
|---|
| **5.1.1** Déan cur síos ar conas **a chosnófar leasanna leanaí** leis an tseirbhís bheartaithe nó leis na seirbhísí beartaithe agus leochaileacht leanaí agus na hóige i leith saothrú tráchtála míchuí á cur san áireamh: |
| |
| **5.1.2** Soláthair sonraí iomlána maidir leis na bearta agus na socruithe atá le cur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tseirbhís nó na seirbhísí beartaithe forálacha Acht 2009 agus reachtaíocht eile mar is infheidhme, coinníollacha an Chonartha Soláthair Lánais, Cóid agus Rialacha an Choimisiúin Cinnteoireachta maidir le Seirbhísí Meán, lena n-áirítear acmhainní daonna agus teicniúla: |
| |
| **5.1.3** Déan cur síos ar na socruithe comhlíontachta foriomlána lena n-áirítear acmhainní agus aon chórais atá le húsáid chun ábhar cláir a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh air: |
| |
| **5.1.4** Soláthair sonraí maidir le cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun gearáin a láimhseáil, agus soláthair an doiciméad foilsithe má tá sé ar fáil: |
| |
| **5.1.5** Soláthair sonraí maidir le haon soláthar seirbhíse rochtana atá beartaithe do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, daoine atá dall nó caoch, agus daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus atá caoch. |
| |

| 5.2 Saothair Eorpacha |
|---|
| **5.2.1** Léirigh conas a chomhlíonfaidh an tseirbhís bheartaithe ceanglais Shaothair Eorpacha Acht 2009, agus an cion dá ham tarchuir (seachas an t-am a shanntar don nuacht, imeachtaí spóirt, cluichí, fógraíocht agus teilishiopadóireacht) a choimeádfar le haghaidh Saothair Eorpacha á leagan amach mar aon leis na seánraí den ábhar atá le soláthar: |
| |
| **5.2.2** Deimhnigh (a) an cion den am tarchuir; nó an céatadán den bhuiséad clársceidealúcháin, a leithdháilfear ar shaothair Eorpacha arna gcruthú ag léiritheoirí atá neamhspleách ar chraoltóirí teilifíse: |
| |
| **5.2.3** Agus tagairt á déanamh do na Treoirlínte, AVMSD agus Cuid 10A d'Acht 2009, tabhair breac-chuntas (más infheidhme) ar conas atá an tseirbhís bheartaithe díolmhaithe ó cheanglais maidir le Saothair Eorpacha: |
| |

## 6. Oibríochtaí (Soláthar Foirne)[5]

| 6.1 An Fhoireann Uile (Fostaithe agus Oibrithe Deonacha) |
|---|
| **6.1.1** Leag amach an struchtúr soláthair foirne atá beartaithe i bhfoirm léaráide, agus líon agus catagóirí na bhfostaithe agus na n-oibrithe deonacha á léiriú go soiléir le haghaidh oibriú na seirbhíse beartaithe agus bunús a bhfostaíochta (e.g. lánaimseartha, páirtaimseartha agus cibé acu ar phá nó ar bhonn neamhíoctha/deonach): |
| |
| **6.1.2** Liostaigh beartais AD bheartaithe an Iarratasóra (is leor liosta de bheartais nó naisc ar líne) atá infheidhme maidir leis an<br>bhfoireann íoctha agus oibrithe deonacha araon: |
| |

5 Sa roinn seo, leis an téarma "Foireann" tagraítear d'fhostaithe agus oibrithe deonacha araon. Leis an téarma "Fostaithe" tagraítear d'fhostaithe íoctha.

## 6.2 Fostaithe

**6.2.1** Soláthair sonraí maidir leis an leibhéal tuarastail atá beartaithe le haghaidh gach poist fhostaithe (íoctha) lánaimseartha agus pháirtaimseartha a shainaithnítear faoi 6.1 thuas:

**6.2.2** Soláthair sonraí maidir le tograí an Iarratasóra i ndáil le fostaithe a fhoinsiú agus a earcú agus conas a mhaoineofar na róil sin:

**6.2.3** Soláthair sonraí maidir le beartais bheartaithe an Iarratasóra i ndáil le luach saothair agus sochair fostaithe, lena n-áirítear scéimeanna pinsin agus árachais etc.:

**6.2.4** Soláthair sonraí maidir le tograí an Iarratasóra le haghaidh oiliúint agus forbairt fostaithe, lena n-áirítear an buiséad bliantúil beartaithe:

**6.2.5** Soláthair sonraí maidir le tograí nó beartais an Iarratasóra, más ann, maidir le rannpháirtíocht nó ionadaíocht fostaithe in úinéireacht, i rialú agus/nó i mbainistiú an Iarratasóra (e.g. comhaltas den Orgán Feidhmiúcháin, Fochoistí, etc.):

**6.2.6** Soláthair sonraí maidir le haon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus soláthair faisnéis faoi aon socruithe a dhéantar nó faoi aon ghealltanais a thugtar nó a fhaightear faoi scéimeanna den sórt sin:

## 6.3 Oibrithe Deonacha

Le cur chuige an Iarratasóra maidir le bheith ag obair le hOibrithe Deonacha, ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na táscairí Sochair Shóisialta a leagtar amach sa Chreat um Shochar Sóisialta, agus i gcás inar féidir, ba cheart tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Leis na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas, ba cheart an tsamhail S.M.A.R.T a leanúint agus ba cheart iad a bheith infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta ar feadh tréimhse ama shonrach.

**6.3.1** Soláthair sonraí maidir le straitéis an Iarratasóra chun oibrithe deonacha a fhoinsiú agus a earcú ar feadh théarma an chonartha:

| |
|---|
| |
| **6.3.2** Soláthair sonraí maidir le tograí an Iarratasóra chun páirt a thabhairt d'oibrithe deonacha i ngach réimse d'oibriú na seirbhíse (e.g. pleanáil clár, léiriú, cur i láthair, tiomsú airgid etc.): |
| |
| **6.3.3** Soláthair sonraí maidir le tograí an Iarratasóra chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha, tacú leo agus iad a fhorbairt, lena n-áirítear an buiséad bliantúil atá beartaithe: |
| |
| **6.3.4** Soláthair sonraí maidir le tograí nó beartais an Iarratasóra, más ann, maidir le rannpháirtíocht nó ionadaíocht oibrithe deonacha in úinéireacht, i rialú agus/nó i mbainistiú an Iarratasóra (e.g. comhaltas den Orgán Feidhmiúcháin, Fochoistí, etc.): |
| |

## 7. Plean Airgeadais agus Gnó

| **7.1 Straitéis Airgeadais Fhoriomlán** |
|---|
| **7.1.1** Soláthair sonraí maidir leis an straitéis airgeadais atá beartaithe ar feadh na chéad tréimhse trí bliana d'aon chonradh nua. Leis an straitéis, ní mór a áireamh, i gcás inarb infheidhme, conas a bheartaíonn an tIarratasóir na ceanglais mhaoinithe réamhoibríochtúla uile a leagtar amach i dTábla A thíos, mar aon le ceanglais mhaoinithe ina dhiaidh sin, a chomhlíonadh. Leis an straitéis ba cheart a leagan amach conas a chuirfidh an t-iarratasóir samhail oibriúcháin sheachbhrabúsach chun feidhme: |
| |

| **7.2 Togra Infheistíochta Réamhoibríochtúil** | |
|---|---|
| **7.2.1** Soláthair sonraí maidir leis na ceanglais mhaoinithe iomlána do na chéad trí bliana eile, agus conas a chomhlíonfar iad, agus Táblaí A agus B á gcomhlánú: | |
| **Tábla A – Maoiniú** | |
| **Scairchaipiteal / Síntiúis Comhaltaí** | **€** |
| **Iasachtú Meántéarmach / Fadtéarmach** | **€** |

| | |
|---|---|
| **Saoráidí Léasaithe / FC (luach caipitiúil)** | **€** |
| **Deontais** | **€** |
| **Tiomsú airgid** | **€** |
| **Rótharraingt Bhainc** | **€** |
| **Urraíocht agus Fógraíocht** | **€** |
| **Scéimeanna Maoinithe CnaM (sonraigh)** | **€** |
| **Eile (sonraigh)** | **€** |
| **Iomlán** | **€** |
| **Tábla B - Caiteachas** | |
| **Caiteachais Chaipitiúla (lena n-áirítear luach caipitiúil ar léasanna)** | |
| **Caiteachas Réamhoibríochtúil Eile** | |
| **Caipiteal Oibre (ag dáta ar an aer)** | |
| **Eile** | |
| **Iomlán** | |

| **7.3 Foinsí Maoinithe agus Caiteachais** |
|---|
| **7.3.1** Soláthair sonraí maidir leis na straitéisí chun ioncam a ghiniúint ó na foinsí maoinithe éagsúla a leagtar amach i dTábla A: |
| |
| **7.3.2** I leith iasachtaí atá beartaithe nó atá ann cheana nó aon iasacht a shamhlaítear:<br>• Méid, cineál agus fad na saoráide;<br>• An sceideal chun í a tharraingt anuas;<br>• Aon urrús nó ráthaíocht a theastaíonn chun tacú leis an tsaoráid; |

- Cúnaint phríomha / Réamhchoinníoll;
- Barántaí/gealltanais i gcás mainneachtana;
- An t-achar ama chun na saoráidí a chur i bhfeidhm.

## 7.4 Réamh-mheastacháin Airgeadais agus Doiciméadacht Éigeantach

*Ba cheart an fhaisnéis d'fho-ailt 7.4.1, - 7.4.5 a sholáthar in Iarscríbhinn Rúnda a ghabhann leis an iarratas agus ba cheart í a bheith marcáilte go soiléir.*

**Soláthair an méid seo a leanas san Iarscríbhinn Rúnda:**

**7.4.1** cuntais ioncaim agus chaiteachais réamh-mheasta mhionsonraithe le haghaidh na gcéad trí bliana d'aon tréimhse chonartha nua, ina ndéantar na foinsí éagsúla ioncaim (e.g. fógraíocht, urraíocht, tiomsú airgid, deontais, etc.)[6] agus caiteachais a shainaithint go soiléir de réir an réimse oibríochta nó gníomhaíochta (soláthar foirne, clársceidealú, etc.);

**7.4.2** cláir chomhardaithe réamh-mheasta le haghaidh na gcéad trí bliana;

**7.4.3** ráitis sreabhaidh airgid réamh-mheasta lena léirítear insreafaí agus eis-sreafaí comhlána do na chéad trí bliana;

**7.4.4** ráitis airgeadais iniúchta le haghaidh na 3 bliana roimhe sin agus nótaí ioncaim agus caiteachais ag gabháil leo;

**7.4.5** cuntais bhainistíochta don tréimhse idir deireadh na bliana airgeadais deiridh go deireadh na míosa is déanaí.

**Tábla 1.**

Cuir iomláin bhliantúla san áireamh ar Ioncam, Caiteachas agus Barrachas/Easnamh do na 3 bliana roimhe sin. Tabhair faoi deara gur cheart na méideanna sin a bheith ag comhfhreagairt do na sonraí a chuirtear isteach ó 7.4.4-7.4.5 thua[s]

| Cuntais | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain** | **2023** | **2024** | **2025 (go dtí seo)** |
| **Ioncam** | € | € | € |
| **Caiteachas** | € | € | € |
| **Barrachas/Easnamh don bhliain** | € | € | € |

**Tábla 2**
Cuir méideanna iomlána san áireamh ar an réamhaisnéis airgeadais réamh-mheasta bhliantúil do na chéad trí bliana eile. Tabhair faoi deara gur cheart na méideanna sin a bheith ag comhfhreagairt do na sonraí a chuirtear isteach ó 7.4.1-7.4.3 thuas.

| Réamh-mheastacháin Airgeadais | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain** | **2026** | **2027** | **2028** |
| **Ioncam** | | | € |
| **Caiteachas** | | | € |
| **Barrachas/Easnamh don bhliain** | | | € |

**7.4.6** Soláthair sonraí iomlána maidir le toimhdí bunúsacha ar a bhfuil na réamh-mheastacháin airgeadais bunaithe, agus na toimhdí sin á nascadh go soiléir le ranna eile den iarratas:

**7.4.7** Déan cur síos ar na gníomhartha/na bearta a dhéanfar mura mbainfear amach na réamh-mheastacháin airgeadais (e.g., chun aghaidh a thabhairt ar easnamh nó iasachtaí méadaithe ar feadh théarma an chonartha):

| | |
|---|---|
| **Dearbhú:** | Cuirimse, leis seo, iarratas chuig Coimisiún na Meán ar Chonradh Soláthair Lánais mar a thuairiscítear thuas agus dearbhaímse go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm iarratais, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, ceart. |
| **Na doiciméid atá faoi iamh:** | 1. cóip den doiciméadacht éigeantach uile lena n-áirítear an Bunreacht (nó mura bhfuil an tIarratasóir ina chomhlacht nó ina comhlacht corparáideach, an doiciméadacht choibhéiseach, agus aistriúchán Béarla ag gabháil léi, mura bhfuil sí sa Bhéarla nó sa Ghaeilge);<br>2. fianaise ar íocaíocht leictreonach ar an táille iarratais iomchuí (neamh-in-aisíoctha). |
| **Síniú:** | |

| | |
|---|---|
| **Ainm (i mbloclitreacha):** | |
| **Post:** | |
| **Dáta:** | |

| **SEICLIOSTA – Cinntigh go mbeidh gach ceann de na doiciméid a liostaítear thíos curtha le do ríomhphoist iarratais:** | |
|---|---|
| Foirm iarratais chomhlánaithe agus shínithe i bhFORMÁID PDF *(agus tástálacha carachtair sínithe agus dátaithe do na daoine ábhartha uile san áireamh)* | ☐ |
| Deimhniú ar Ionchorprú | ☐ |
| Bunreacht sínithe agus dátaithe (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) | ☐ |
| Deimhniú Rúnaí sínithe agus dátaithe | ☐ |
| Clár na gComhaltaí | ☐ |
| Tástáil carachtair chomhlánaithe agus shínithe do gach Stiúrthóir, Scairshealbhóir agus Bainisteoir Sinsearach mar is infheidhme. | ☐ |
| Ráiteas Beartais Cláir agus Sceideal Clár Táscach | ☐ |
| Cuntais agus ráitis airgeadais mar a leagtar amach i roinn 7.4 | ☐ |
| Luachan le haghaidh Árachais | ☐ |
| **Sna réimsí ábhartha den fhoirm iarratais seo, leagtar amach sonraí maidir leis an bhfaisnéis is gá do gach ceann de na nithe thuas.** | |

## AGUISÍN 1 – TEIMPLÉID

### Tástáil Carachtair

| TÁSTÁIL AR CHARACHTAR AN DUINE IOMCHUÍ | | |
|---|---|---|
| **Ní mór do gach "duine ábhartha" a bhaineann leis an Iarratasóir an roinn seo a chomhlánú agus a shíniú ar leithligh.**<br>Cuireann an Coimisiún Cinnteoireachta, mar ábhar beartais, an tástáil carachtair i bhfeidhm maidir leis na Stiúrthóirí, na bainisteoirí sinsearacha (POF, POA agus an Ceannaire Clár nó poist choibhéiseacha) agus leis na scairshealbhóirí, arb éard atá i gceist lena scairshealbhú leas substaintiúil san Iarratasóir, nó rialú substaintiúil air nó uirthi, agus breithniú á dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair lánais. Agus measúnú á dhéanamh ar charachtar, cuireann an Coimisiún Cinnteoireachta gnáthbhrí an fhocail i bhfeidhm agus breithníonn sé, go háirithe, an duine cuí oiriúnach an duine ábhartha chun conradh craolacháin, soláthair lánais nó ilphléacs (mar is iomchuí) a shealbhú faoi threoir fhorálacha alt 66 nó 137 d'Acht 2009 (mar is iomchuí) agus i gcomhthéacs forálacha reachtúla agus rialála eile a bheith á gcomhlíonadh aige. | | |
| *(i)* | *An amhlaidh a ciontaíodh tú riamh i gcion lena mbaineann calaois nó mímhacántacht?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |
| *(ii)* | *An amhlaidh a cuireadh srian ort nó a dícháilíodh tú riamh mar Stiúrthóir Cuideachta, nó a ciontaíodh tú riamh in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú) sa dlínse seo nó faoi reachtaíocht choibhéiseach in aon dlínse eile?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |
| *(iii)* | *An amhlaidh a breithníodh tú riamh i d'fhéimheach, a tháinig tú chun bheith dócmhainneach riamh, a rinne tú socrú deonach riamh le creidiúnuithe, nó a ceapadh glacadóir riamh ar aon cheann de do chuid sócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |
| *(iv)* | *An amhlaidh a bhí tú riamh i do stiúrthóir ar chuideachta ar ar ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, faoi leachtú deonach creidiúnuithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne aon socrú lena creidiúnuithe nó lena haicme chreidiúnuithe?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |
| *(v)* | *An amhlaidh a ciontaíodh tú riamh i gcion faoi aon reachtaíocht faoina ndéantar Craolachán agus/nó Radaiteileagrafaíocht a rialú sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |
| *(vi)* | *An amhlaidh a cuireadh aon cheadúnas nó conradh de do chuid, arna eisiúint ag comhlacht ceadúnúcháin craolacháin nó aon chomhlacht reachtúil eile, ar fionraí riamh nó an amhlaidh a cúlghaireadh é riamh sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |
| *(vii)* | *An amhlaidh atá tú ar an eolas faoi aon chúis a fhágfaidh nach duine cuí ná oiriúnach tú chun go mbronnfar conradh ort?* | Is amhlaidh / Ní hamhlaidh (*Más amhlaidh, mínigh)* |

| | |
|---|---|
| ***Ainm:*** | **Dáta:** |
| ***Síniú:*** | |
| ***Ábharthacht don Iarratasóir:*** | |
| ***Sonraí teagmhála:*** | |

## Ráiteas Beartais Cláir

| |
|---|
| **Fealsúnacht Chraolacháin agus Éiteas Pobail**<br>Tabhair sonraí i bhfoirm ráitis maidir le fealsúnacht agus fís chraoltóireachta fhoriomlán an Iarratasóra le haghaidh na seirbhíse teilifíse, agus i leith an mhéid seo a leanas:<br>• Déan cur síos ar an gcaoi a bhfreastalóidh cáilíocht, réimse, agus cineál na gclár ar an bpobal.<br>• Déan cur síos ar an gcaoi a n-éascófar rochtain an phobail agus rannpháirtíocht ghníomhach agus ar an gcaoi a spreagfar iad i ngach gné de chlársceidealú na seirbhíse.<br>• Déan cur síos ar conas a chuirfidh an tseirbhís le hiolracht sna meáin sa limistéar (e.g. éagsúlacht úinéireachta agus éagsúlacht ábhair).<br>• Mínigh conas a aithneoidh an tseirbhís pobail áitiúla agus a thacófar léi leis na leasanna éagsúla sa phobal NÓ a fhreastalóidh sí ar phobail chomhleasa. |
| |
| **An Sprioclucht Féachana –** Déan cur síos ar an sprioclucht féachana don tseirbhís teilifíse (e.g. déimeagrafaic, agus tíreolaíocht, aois, etc san áireamh). |
| |
| **Lá Craolta**<br>• An líon iomlán uaireanta craolta in aghaidh an lae<br>• Na huaireanta clársceidealúcháin beo agus uathoibríocha in aghaidh an lae<br>• Na huaireanta clársceidealúcháin athchraolta in aghaidh an lae |
| |
| **Nuacht** – Leag amach an cur chuige atá beartaithe maidir le clársceidealú nuachta agus go háirithe:<br>(i) an líon agus na cineálacha feasachán nuachta/clársceidealúcháin atá le craoladh (cineál áitiúil, pobail etc.) agus a mbéim ar an bpobal;<br>(ii) foinsiú na gcineálacha éagsúla nuachta. |
| |

| |
|---|
| **Cúrsaí Reatha –** Leag amach an cur chuige atá beartaithe le haghaidh clársceidealú cúrsaí reatha agus go háirithe:<br>(i) formáid, fad agus minicíocht na gclár sin (i rith na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine); agus<br>(ii) ábharthacht na gclár sin don phobal agus conas a bheidh an ábharthacht sin ina rannchuidiú le héagsúlacht cúrsaí reatha agus/nó an chlársceidealúcháin atá le fáil sa limistéir sonraithe. |
| |
| **Spóirt –** Leag amach an cur chuige atá beartaithe maidir le clársceidealú spórt, agus go háirithe:<br>(i) na cineálacha spóirt a bheidh le cumhdach agus a n-ábharthacht don phobal; agus<br>(ii) conas a chuirfidh an clársceidealú spóirt le héagsúlacht an chlársceidealaithe spóirt atá ar fáil cheana féin sa limistéar sonraithe. |
| |
| **Cultúr na hÉireann agus an Ghaeilge –** Cuir in iúl an méid agus an cineál clársceidealúcháin atá le craoladh i ndáil le (i) cultúr na hÉireann; agus/nó (ii) clársceidealú na Gaeilge/dátheangach. |
| |
| **Gealltanais Clársceidealúcháin Eile –** Tabhair gealltanais i leith clársceidealú cainte agus seánraí clársceidealúcháin difriúla atá dírithe ar shiamsaíocht a chur ar fáil do lucht féachana, eolas a thabhairt dóibh agus oideachas a chur orthu, agus a bheidh le tabhairt ar an tseirbhís agus leag amach conas a fhreastalóidh siad ar riachtanais an phobail. |
| |
| **Litearthacht sna Meáin –** Sainaithin aon chláir / ghealltanais chlársceidealúcháin a bhaineann le litearthacht sna meáin. |
| |
| **Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht –** Tabhair breac-chuntas ar conas a léirítear na luachanna sin le clársceidealú |
| |

| |
|---|
| **Inbhuanaitheacht comhshaoil –** Sainaithin aon chláir / ghealltanais chlársceidealúcháin a bhaineann le saincheisteanna agus inbhuanaitheacht comhshaoil. |
| |
| **Gealltanais Chlársceidealúcháin: Coinneáil/Bailiú Sonraí –** Tabhair breac-chuntas ar do ghealltanais maidir le (i) bailiú sonraí i leith clársceidealú maidir le hinscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht; inbhuanaitheacht comhshaoil; litearthacht sna meáin; agus an Ghaeilge agus; (ii) tacú le clársceidealú Gaeilge a fhorbairt de dhroim athbhreithniú reatha an Choimisiúin Cinnteoireachta ar<br>sheirbhísí agus ábhar Gaeilge a sholáthar ar fud na meán uile. |
| |